**IARSCRÍBHINN VIII**

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 24 den Ionstraim Aontachais: An Laitvia

1. SAORGHLUAISEACHT DAOINE

An Conradh ag bunu an Chomhphobail Eorpaigh:

31968 L 0360: Treoir 68/360/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le srianta a dhíothú ar ghluaiseacht agus cónaí sa Chomhphobal d'oibrithe ó na Ballstáit agus dá dteaghlaigh (IO L 257, 19.10.1968, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21;

31968 R 1612: Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1968 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Chomhphobal (IO L 257, 19.10.1968, lch. 2), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31992 R 2434: Rialachán (CEE) Uimh. 2434/92 ón gComhairle an 27.7.1992 (IO L 245, 26.8.1992, lch. 1);

31996 L 0071: Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 18, 21.1.1997, lch.1).

1. I dtaca le saorghluaiseacht oibrithe agus saoirse seirbhísí a sholáthar lena mbaineann gluaiseacht shealadach oibrithe mar atá sainithe in Airteagal I de Threoir 96/71/CE idir an Laitvia, ar thaobh amháin, agus an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin,an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe ar an taobh eile, ní bheidh feidhm go hiomlán ag Airteagail 39 agus ag an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE ach amháin faoi réir na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i míreanna 2 go 14.

2. De mhaolú ar Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus go dtí na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta, nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, a rialaíonn rochtain ar a margaí saothair ag náisiúnaigh na Laitvia, a chur i bhfeidhm. Féadfaidh na Ballstáit láithreacha leanúint de bhearta den sórt sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais.

Náisiúnaigh na Laitvia atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid an Ballstáit sin tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ach ní thairbheoidh siad de rochtain ar mhargadh saothair Ballstát eile a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm.

Náisiúnaigh na Laitvia arna ligean isteach ar mhargadh saothair de chuid Ballstáit láithrigh tar éis an aontachais ar feadh tréimhse 12 mí nó níos faide gan briseadh, tairbheoidh siad de na cearta céanna

Scoirfidh náisiúnaigh na Laitvia atá luaite sa dara fomhír agus sa tríú fomhír thuas de thairbhiú de na cearta atá cuimsithe sna fomhíreanna sin má fhágann siad go deonach margadh saothair an Bhallstát láithrigh i dtrácht.

Náisiúnaigh na Laitvia atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais nó le linn tréimhse ina gcuirtear bearta náisiúnta i bhfeidhm agus a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí, ní thairbheoidh siad de na cearta sin

3. Roimh dheireadh na na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, déanfaidh an Chomhairle oibriú na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos i mír 2 a athbhreithniú ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún.

Tráth chríochnú an athbhreithnithe sin, agus tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse dhá bhliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fógra don Choimisiún á rá cé acu an leanfaidh siad de bhearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a chur i bhfeidhm nó an gcuirfidh siad Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i bhfeidhm feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

4. Arna iarraidh sin don Laitvia, féadfar athbhreithniú amháin eile a dhéanamh. Beidh feidhm ag an nós imeachta dá dtagraítear i mír 3 agus críochnófar é laistigh de shé mhí ón iarraidh a fháil ón Laitvia.

5. Ballstát a dhéanann bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha a choimeád ar bun ag deireadh na tréimhse cúig bliana atá sonraithe i mír 2, féadfaidh sé, i gcás suaitheadh tromchúiseach ar a mhargadh saothair nó bagairt dá leithéid agus tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, leanúint de na bearta sin a chur i bhfeidhm go dtí deireadh na tréimhse seach mbliana tar éis dháta an aontachais. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68.

6. I rith na tréimhse seacht mbliana tar éis dháta an aontachais, na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán 1612/68 (CEE) i leith náisiúnaigh na Laitvia agus atá ag eisiúint ceadanna oibre do náisiúnaigh na Laitvia i rith na tréimhse sin, déanfaidh siad amhlaidh go huathoibríoch.

7. Na Ballstáit ina bhfuil feidhm, de bhua mhíreanna 3, 4 nó 5, ag Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 i leith náisiúnaigh na Laitvia, féadfaidh siad dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha amach sna fomhíreanna thíos go dtí deireadh na tréimhse seach mbliana tar éis dháta an aontachais.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh saothair ceann de na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad fhomhír a d’fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh don chaighdeán maireachtála nó don leibhéal fostaíochta i réigiún nó i ngairm áirithe, nó nuair a dhéanann sé suaitheadh den sórt sin a thuar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát sin iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh 1612/93 á fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d’fhonn an staid sa réigiún nó sa ghairm sin a athbhunú ina gnáthriocht. Tráth nach déanaí ná dhá sheachtain tar éis iarraidh den sórt sin a fháil, glacfaidh an Coimisiún cinneadh ar an bhfionraí agus ar a tréimhse agus a raon feidhme. Féadfaidh aon Bhallstát, laistigh de dhá sheachtain ó dháta an Chinnidh ón gCoimisiún, a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh a neamhniú nó a leasú. Gníomhóidh an Chomhairle ar iarraidh den sórt sin trí thromlach cáilithe laistigh de dhá sheachtain.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a fhionraí, agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

8. Fad atá cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 ar fionraí de bhua mhíreanna 2 go 5 agus 7 thuas, beidh feidhm sa Laitvia ag Airteagal 11 den Rialachán i leith náisiúnaigh na mBallstát láithreach, agus beidh feidhm aige sna Ballstáit láithreacha i leith náisiúnaigh na Laitvia faoi na coinníollacha seo a leanas:

– na baill de theaghlach oibrí dá dtagraítear in Airteagal 10 (1) (a) den Rialachán a bhfuil cónaí orthu go dleathach in éineacht leis an oibrí ar chríoch Bhallstáit ar dháta an aontachais, beidh acu, tráth an aontachais, rochtain láithreach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin. Níl feidhm aige seo maidir le baill de theaghlach oibrí atá ag obair go dleathach i mBallstát láithreach ar dháta an aontachais a ligeadh isteach ar mhargadh saothair an Bhallstáit sin ar feadh tréimhse is lú ná 12 mí;

– na baill de theaghlach oibrí dá dtagraítear in Airteagal 10(1)(a) den Rialachán a bhfuil cónaí orthu go dleathach i dteannta leis an oibrí ar chríoch Bhallstáit ó dháta is déanaí ná dáta an aontachais ach i rith na tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha síos thuas, beidh rochtain acu ar mhargadh saothair an Bhallstáit i dtrácht a thúisce atá cónaí orthu sa Bhallstát i dtrácht ar feadh ocht mí dhéag ar a laghad nó ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, cibé acu is túisce.

Beidh na forálacha seo gan dochar do bhearta níos fabhraí, bíodh siad ina mbearta náisiúnta nó ina mbearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha.

9. Sa mhéid nach féidir forálacha áirithe de Threoir 68/360/CEE a dhealú ó na forálacha sin de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a gcuirtear siar a gcur i bhfeidhm de bhun mhíreanna 2 go 5 agus 7 agus 8, féadfaidh an Laitvia agus na Ballstáit láithreacha maolú ar na forálacha sin a mhéad is gá chun míreanna 2 go 5 agus 7 agus 8 a chur i bhfeidhm.

10. Aon uair a chuireann na Ballstáit láithreacha bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm de bhua na mbeart idirthréimhseach atá leagtha síos thuas, féadfaidh an Laitvia bearta coibhéiseacha a choimeád i bhfeidhm i leith náisiúnaigh na mBallstát nó an Bhallstáit i dtrácht.

11. Má fhionraíonn aon cheann de na Ballstáit láithreacha cur i bhfeidhm Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68, féadfaidh an Laitvia dul ar iontaoibh na nósanna imeachta atá leagtha síos i mír 7 i leith Phoblacht na Seice, nó i leith na hEastóine, na Liotuáine, na hUngáire, na Polainne, na Slóivéine nó na Slóvaice. I rith aon tréimhse den sórt sin, déaneofar ceadanna oibre arna n-eisiúint ag an Laitvia chun críocha faireacháin a eisiúint chuig go huathoibríoch náisiúnaigh Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Liotuáine, na hUngáire, na Polainne, na Slóivéine nó na Slóvaice.

12. Féadfaidh aon Bhallstát láithreach, agus bearta náisiúnta á gcur i bhfeidhm aige i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus 7 go 9, saorghluaiseacht is mó ná mar atá ann ar dháta an aontachais, lena n-áirítear rochtain iomlán ar mhargadh an tsaothair, a thabhairt isteach faoin dlí náisiúnta. Ón tríú bliain tar éis dháta an aontachais, féadfaidh aon Bhallstát láithreach a chuireann bearta náisiúnta i bhfeidhm a chinneadh tráth ar bith Airteagail 1 go 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 a chur i bhfeidhm ina n-ionad. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin.

13. Fad a chuireann siad bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha i bhfeidhm, de bhua na bhforálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach thuas, maidir le saorghluaiseacht oibrithe na Laitvia, féadfaidh an Ghearmáin nó an Ostair, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, maolú ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE chun díriú ar shuaitheadh tromchúiseach a bhaineann le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart chun gabháil le hobair faoi réir beart náisiúnta sa Ghearmáin nó san Ostair, nó chun díriú ar bhagairt den sórt sin, in earnálacha íogaire seirbhíse ar a margaí saothair a d'fhéadfadh teacht chun cinn i réigiúin áirithe de dhroim soláthair trasnáisiúnta seirbhísí, mar atá sainithe in Airteagal 1 de Threoir 96/71/CE, agus an maolú sin á dhéanamh d'fhonn teorainn a chur, i gcomhthéacs seirbhísí a sholáthar ag cuideachtaí arna mbunú sa Laitvia, le gluaiseacht shealadach oibrithe a bhfuil a gceart gabháil le hobair sa Ghearmáin agus san Ostair faoi réir beart náisiúnta.

Is mar a leanas atá liosta na n-earnálacha a d'fhéadfaí a fholú leis an maolú seo:

– sa Ghearmáin:

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | 45.1 go 4;<br>Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 Glantachán tionsclaíoch |
| Seirbhísí eile | 74.78 Gníomhaíochtaí maisitheoirí istigh amháin |

– san Ostair:

| Earnáil | Cód NACE (*), mura sonraítear a mhalairt |
|---|---|
| Gníomhaíochtaí seirbhíse gairneoireachta | 01.41 |
| Cloch a ghearradh, a dheilbhiú agus a chríochnú | 26.7 |
| Struchtúir mhiotail agus codanna díobh a mhonarú | 28.11 |
| Foirgníocht, lena n-áirítear brainsí gaolmhara | 45.1 go 4;<br>Gníomhaíochtaí atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 96/71/CE |
| Gníomhaíochtaí slándála | 74.60 |
| Glantachán tionsclaíoch | 74.70 |
| Altranas tí | 85.14 |
| Obair shóisialta agus gníomhaíochtaí gan chóiríocht | 85.32 |

(*) NACE: feic 31990 R 3037: Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1990 maidir le haicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (IO L 293, 24.10.1990, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le 32002 R 0029: Rialachán (CE) Uimh. 29/2000 ón gCoimisiún an 19.12.2001 (IO L 6, 10.1.2002, lch. 3).

A mhéad a mhaolaíonn an Ghearmáin nó an Ostair ar an gcéad mhír d'Airteagal 49 de Chonradh CE i gcomhréir leis na fomhíreanna roimhe seo, féadfaidh an Laitvia, tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún, bearta coibhéiseacha a ghlacadh.

Ní bheidh de thoradh ar éifeacht an mhír seo a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha do ghluaiseacht shealadach oibrithe idir an Ghearmáin nó an Ostair agus an Laitvia ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

14. Ní bheidh de thoradh ar éifeacht míreanna 2 go 5 agus 7 go 13 a chur i bhfeidhm gur sriantaí na coinníollacha rochtana do náisiúnaigh na Laitvia ar mhargaí saothair na mBallstát láithreach ná na coinníollacha atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais.

D'ainneoin chur i bhfeidhm na bhforálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 13, i rith aon tréimhse ina gcuirtear i bhfeidhm bearta náisiúnta nó bearta a thig ó chomhaontuithe déthaobhacha, tabharfaidh na Ballstáit láithreacha fabhar d'oibrithe is náisiúnaigh de na Ballstáit seachas oibrithe is náisiúnaigh de thríú tíortha i dtaca le rochtain ar a margadh saothair.

Oibrithe imirceacha Laitviacha agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach i mBallstát eile nó oibrithe imirceacha ó Bhallstáit eile agus a dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair go dleathach sa Laitvia, ní chuirfear cóir níos sriantaí orthu ná mar a chuirtear ar oibrithe imirceacha agus a dteaghlaigh ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Bhallstát sin nó sa Laitvia faoi seach. Ina theannta sin, agus prionsabal an fhabhair Chomhphobail á chur i bhfeidhm, ní chuirfear cóir níos fabhraí ar oibrithe imirceacha ó thríú tíortha a bhfuil cónaí orthu agus atá ag obair sa Laitvia ná mar a chuirtear ar náisiúnaigh na Laitvia.

2. SAOIRSE SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR

1. 31994 L 0019: Treoir 94/19/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir le scéimeanna ráthaithe éarlaisí (IO L 135, 31.5.1994, lch. 5).

De mhaolú ar Airteagal 7(1) de Threoir 94/91/Ce, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal ráthaíochta sa Laitvia go dtí an 31 Nollaig 2007. Áiritheoidh an Laitvia go bhforálfaidh a scéim ráthaithe éarlaisí do chumhdach nach lú ná EUR 10 000 go dtí an 31 Nollaig 2005 agus do chumhdach nach lú ná EUR 15 000 ón 1 Eanáir 2006 go dtí an31 Nollaig 2007.

Le linn na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu féin cosc a chur le brainse d’institiúid Laitviach chreidmheasa atá bunaithe ar a gcríocha oibriú muna bhfuil, agus go dtí go bhfuil, brainse den sórt sin tar éis dul isteach i scéim ráthaithe éarlaisí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d’fhonn an difear idir an leibhéal Laitviach ráthaíochta agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a chumhdach.

2. 31997 L 0009: Treoir 97/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Márta 1997 maidir le scéimeanna cúitimh d'infheisteoirí (IO L 84, 26.3.1997lch. 22).

De mhaolú ar Airteagal 4(1) de Threoir 97/9/CE, ní bheidh feidhm ag an íosleibhéal cúitimh sa Laitvia go dtí an 31 Nollaig 2007. Áiritheoidh an Laitvia go bhforálfaidh a scéim chúitimh d'infheisteoirí do chumhdach nach lú ná EUR 10 000 go dtí an 31 Nollaig 2005 agus do chumhdach nach lú ná EUR 15 000 ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2007.

Le linn na hidirthréimhse, coinneoidh na Ballstáit eile an ceart acu féin cosc a chur le brainse de ghnólacht Laitviach infheistíochta atá bunaithe ar a gcríocha oibriú muna bhfuil, agus go dtí go bhfuil, brainse den sórt sin tar éis dul isteach i scéim chúitimh d'infheisteoirí laistigh de chríocha an Bhallstáit i dtrácht atá aitheanta go hoifigiúil d’fhonn an difear idir an leibhéal Laitviach cúitimh agus an t-íosleibhéal dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a chumhdach.

3. SAORGHLUAISEACHT CHAIPITIL

An Conradh ar an Aontas Eorpach,

An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

Na rialacha atá leagtha síos i atá leagtha síos ina reachtaíocht atá ann tráth an aontachais maidir le náisiúnaigh de na Ballstáit agus cuideachtaí arna bhfoirmiú i gcomhréir le dlíthe Ballstáit eile nach bhfuil bunaithe ná cláraithe sa Laitvia agus nach bhfuil brainse ná gníomhaireacht ionadaíochta acu inti talamh talmhaíochta agus foraoiseacha a fháil, féadfaidh an Laitvia iad a choimeád ar bun, d'ainneoin na n-oibleagáidí faoi na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe, go ceann seacht mbliana ó dháta an aontachais. Ní fhéadfar i gcás ar bith cóir is lú fabhar a chur ar náisiúnach de Bhallstát i leith talamh talmhaíochta agus foraoiseacha a fháil ná cóir níos sriantaí a chur orthu ná ar náisiúnach tríú tír.

Náisiúnaigh de Bhallstát eile ar mian leo iad féin a bhunú mar fheirmeoirí féinfhostaithe agus cónaí a bheith orthu sa Laitvia agus a raibh cónaí orthu go dleathach sa Laitvia, agus iad gníomhach san fheirmeoireacht, ar feadh trí bliana leanúnacha ar a laghad, ní bheidh siad faoi réir fhorálacha na míre sin roimhe seo ná aon nósanna imeachta eile seachas nósanna imeachta a bhfuil náisiúnaigh na Laitvia faoina réir.

Déanfar athbhreithniú ginearálta ar na bearta idirthréimhseacha sin sa tríú bliain tar éis dháta an aontachais. Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh an idirthréimhse atá sonraithe sa chéad mhír a ghiorrú nó deireadh a chur léi.

Má tá fianaise leordhóthanach ann go mbeidh, tráth na hidirthréimhse a dhul in éag, suaitheadh tromchúiseach nó bagairt dá leithéid ar mhargadh na Laitvia i dtalamh talmhaíochta, cinnfidh an Coimisiún, arna iarraidh sin don Laitvia, an idirthréimhse a fhadú ar feadh tréimhse trí bliana ar a mhéid.

4. TALMHAÍOCHT

A. REACHTAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

1. 31991 R 2092 Rialachán (CEE) Uimh. 2092/91 ón gComhairle an 24 Meitheamh 1991 maidir le táirgeadh orgánach táirgí talmhaíochta agus sonraí ag tagairt dó ar tháirgí talmhaíochta agus earraí bia (IO L 198, 22.7.1991, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0473: Rialachán (CE) Uimh. 473/2002 ón gCoimisiún an 15.3.2002 (IO L 75, 16.3.2002, lch. 21).

De mhaolú ar Airteagal 6(1), (2) agus (3) de Rialachán (CEE) Uimh.2026/91, ceadófar síolta neamhchóireáilte, ábhar plandála agus ábhar iomadaithe fásrúil nach dtáirgtear tríd an modh orgánach táirgeachta a úsáid san fheirmeoireacht orgánach sa Laitvia go dtí an 1 Eanáir 2006.

De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Rialachán (CEE) Uimh.2026/91, ceadófar siúcra neamhorgánach nach dtáirgtear tríd an modh orgánach táirgeachta a úsáid mar ábhar beatha breise do bheacha i mbeachlanna orgánacha sa Laitvia go dtí an 1 Eanáir 2006.

De mhaolú ar Airteagal 6(1) agus (2) de Rialachán (CEE) Uimh. 2026/91, ceadófar ullmhóid sármhanganáite potaisiam a úsáid san fheirmeoireacht orgánach sa Laitvia ar feadh tréimhse 18 mí ó dháta an aontachais.

2. 31997 R 2597 Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97 ón gComhairle 18 Nollaig 1997 ag leagan síos rialacha breise maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mbainne agus táirgí bainne lena n-ól (IO L 351, 23.12.1997, lch. 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31999 R 1602: Rialachán (CE) Uimh. 1602/1999 ón gComhairle an 19.7.1999 (IO L 189, 22.7.1999, lch. 43).

De mhaolú ar Airteagal 3(1)(b) agus (c) de Rialachán (CEE) Uimh. 2597/97, ní bheidh feidhm ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta an aontachais ag na ceanglais a bhaineann le cion saille maidir le bainne le hól arna tháirgeadh sa Laitvia. Ní fhéadfar bainne le hól nach gcomhlíonann na ceanglais a bhaineann le cion saille a mhargú ach amháin sa Laitvia nó féadfar é a onnmhairiú go tríú tíortha.

3. 31999 R 1254 Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999 ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mairteoil agus laofheoil (IO L 160, 26.6.1999, lch. 21), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2345 Rialachán (CE) Uimh. 2345/2001 ón gCoimisiún an 30.11.200 (IO L 315, 1.11.2001, lch. 29).

De mhaolú ar Airteagal 3(f) de Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999, féadfaidh an Laitvia go dtí deireadh na bliana 2006 a mheas go bhfuil ba diúil de na pórtha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh.2343/1999 ón gCoimisiún ag leagan síos rialacha mionsonraithe chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999 ón gComhairle maidir le comheagraíocht an mhargaidh i mairteoil agus laofheoil a mhéad a bhaineann le scéimeanna préimhe[1] cáilithe don phréimh do bha diúil faoi Fhoroinn 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1254/1999, ar chuntar go bhfuil siad dortha nó inseamhnaithe ag tairbh de phór feola.

[1] IO L 281, 4.11.1999, lch. 30.

B. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA AGUS FÍTEASLÁINTÍOCHTA

I. REACHTAÍOCHT TRÉIDLIACHTA

1. 31964 L 0433: Treoir 64/433/CEE ón gComhairle maidir le coinníollacha sláinte chun feoil úr a tháirgeadh agus a mhargú (IO P 121, 29.7.1964, lch. 2012 agus arna leasú agus arna comhdhlúthú iardain in IO L 268, 4.9.1991, lch. 71), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31995 L 0023: Treoir 95/23/CE ón gComhairle an 22.6.1995 (IO L 243, 11.10.1995, lch. 7);

31971 L 0118: Treoir 71/118/CEE ón gComhairle an 15 Feabhra 1971 maidir le fadhbanna sláinte a dhéanann difear do fheoil úr éanlaith chlóis a tháirgeadh agus a chur ar an margadh (IO L 55, 8.3.1971, lch. 23 agus arna leasú agus arna tabhairt suas chun dáta iardain in IO L 62, 15.3.1993, lch. 6), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31997 L 0079: Treoir 97/79/CEE ón gComhairle an 18.12.1997 (IO L 24, 30.1.1998, lch. 31);

31977 L 0099: Treoir 77/99/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1976 maidir le fadhbanna sláinte a dhéanann difear do tháirgeadh agus margú táirgí feola agus táirgí áirithe eile de thionscnamh ainmhíoch (IO L 26, 31.1.1977, lch. 85 agus arna leasú agus arna tabhairt suas chun dáta iardain in IO L 57, 2.3.1992, lch. 4), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31997 L 0076: Treoir 97/76/CEE ón gComhairle an 16.12.1997 (IO L 10, 16.1.1998, lch. 25);

31991 L 0493: Treoir 91/493/CEE ón gComhairle an 22 Iúil 1991 ag leagan síos na gcoinníollacha sláinte chun táirgí iascaigh a tháirgeadh agus a chur ar an margadh (IO L 268, 24.9.1991, lch. 15),mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31997 L 0079: Treoir 97/79/CEE ón gComhairle an 18.12.1997 (IO L 24, 30.1.1998, lch. 31);

31992 L 0046: Treoir 92/46/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1992, ag leagan síos na rialacha sláinte chun bainne amh, bainne teaschóireáilte agus táirgí bunaithe ar bhainne a tháirgeadh agus a chur ar an margadh (IO L 268, 14.9.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le le:

– 31996 L 0023: Treoir 96/23/CE ón gComhairle an 29.4.1996 (IO L 125, 23.5.1996, lch. 10);

31994 L 0065: Treoir 94/65/CE ón gComhairle an 14 Iúil 1994 ag leagan síos na gceanglas chun feoil mhionaithe agus ullmhóidí feola a tháirgeadh agus a chur ar an margadh (IO L 368, 31.12.1994, lch. 10).

(a) Ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2005 maidir le bunaíochtaí sa Laitvia atá liostaithe i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo ag na ceanglais struchtúracha atá leagtha síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 64/433/CEE, in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 71/118/CEE, in Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Treoir 77/99/CEE, san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 91/493/CEE, in Iarscríbhinn B a ghabhann le Treoir 92/46/CEE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 94/65/CE, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos thíos.

(b) Fad a thairbhíonn na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) thuas d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh náisiúnta amhaín nó ní úsáidfear iad ach do phróiseáil bhreise i mbunaíochtaí náisiúnta atá folaithe freisin le forálacha mhír (a), gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir marc speisialta sláinte a bheith ar na táirgí sin.

I gcás táirgí iascaigh úra, ullmhaithe nó próiseáilte, ní chuirfear ach ar an margadh náisiúnta amhaín iad nó ní dhéanfar iad a láimhsiú nó ní dhéanfar phróiseáil bhreise orthu ach sa bhunaíocht chéanna, gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir táirgí iascaigh úra, ullmhaithe nó próiseáilte a fhilleadh agus/nó a phacáil in aonaid tráchtála agus ní foláir marc speisialta sainaithinte a bheith orthu.

Tá feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na táirgí go léir de thionscnamh bunaíochtaí iomlánaithe feola nuair atá cuid den bhunaíocht faoi réir fhorálacha mhír (a).

Féadfaidh bunaíochtaí próiseáilte bainne nach bhfuil liostaithe i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo seachadtaí bainne amh a fháil ó fheirmeacha nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil IV, A (1) de Threoir 92/46/CEE, ar chuntar go bhfuil na feirmeacha sin luaite ar liosta arna choimeád ar bun ag na húdaráis Laitviacha chun na críche sin.

I 2005, ní fhéadfar bainne amh arna sheachadadh ó na feirmeacha sin nach gcomhlíonann Iarscríbhinn A, Caibidil VI, A (1) de Threoir 92/46/CEE a úsáid ach amháin chun cáis ar mó a tréimhse aibithe ná 60 lá a mhonarú.

(c) Áiritheoidh an Laitvia go gcomhlíonfar de réir a chéile na ceanglais struchtúracha dá dtagraítear i mír (a) i gcomhréir leis na teorainneacha ama atá leagtha amach i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo chun na heasnaimh atá ann a cheartú. Áiritheoidh an Laitvia gurb iad na bunaíochtaí a chomhlíonann na ceanglais sin go hiomlán faoi cheann an 31 Nollaig 2005, agus iad sin amháin, a leanfaidh de bheith ag oibriú. Déanfaidh an Laitvia tuarascálacha bliantúla a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn i ngach ceann de na bunaíochtaí atá liostaithe i bhFoscríbhinn A, lena n-áirítear liosta de na bunaíochtaí atá tar éis na forbairtí a chríochnú le linn na bliana i dtrácht.

(d) Féadfaidh an Coimisiún Foscríbhinn A dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt suas chun dáta roimh an aontachas agus go dtí an 31 Nollaig 2005, agus sa chomhthéacs sin féadfaidh sé bunaíochtaí leithleacha a chur léi go feadh méid theoranta nó a scriosadh, i bhfianaise an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le lochtanna atá ann a cheartú agus i bhfianaise thoradh an phróisis faireacháin.

Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuas a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 64/493/CEE, Airteagal 21 de Threoir 71/118/CEE, Airteagal 20 de Threoir 77/99/CEE, Airteagal 15 de Threoir 91/493/CEE, Airteagal 31 de Threoir 92/46/CEE agus Airteagal 20 de Threoir 94/65/CE.

2. 32002 R 1774: Rialachán (EC) Uimh. 1774/2001ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2002 ag leagan síos rialacha sláinte a bhaineann le seachtháirgí ainmhíocha nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine (IO L 273, 10.10.2002, lch. 1).

(a) Ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2004 ag na ceanglais struchtúracha dá dtagraítear i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo i ndáil le hIarscríbhinn V, Caibidil I, agus Iarscríbhinn VII, Caibidil I, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002, maidir le bunaíochtaí sa Laitvia atá liostaithe in Iarscríbhinn B faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos thíos.

(b) Ní fhéadfaidh na bunaíochtaí dá dtagraítear i mír (a) ach ábhar d'Aicme 3 mar atá sainithe in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh.1774/2002 a láimhseáil, a phróiseáil agus a stóráil. Fad a thairbhíonn na bunaíochtaí a dúradh d'fhorálacha na míre sin, ní chuirfear táirgí de thionscnamh na mbunaíochtaí sin ach ar an margadh náisiúnta amhaín nó ní fhéadfar iad a úsáid do tháirgí atá ceaptha do Bhallstáit eile, gan spleáchas don dáta margaíochta. Ní foláir lipéad speisialta a bheith ar na táirgí sin.

(c) Áiritheoidh an Laitvia go gcomhlíonfar de réir a chéile na ceanglais struchtúracha dá dtagraítear i mír (a) i gcomhréir leis na teorainneacha ama atá leagtha amach i bhFoscríbhinn B chun na heasnaimh atá ann a cheartú. Áiritheoidh an Laitvia gurb iad na bunaíochtaí a chomhlíonann na ceanglais sin go hiomlán faoi cheann an 31 Nollaig 2004, agus iad sin amháin, a leanfaidh de bheith ag oibriú. Déanfaidh an Laitvia tuarascáil bhliantúil a thíolacadh don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn i ngach ceann de na bunaíochtaí atá liostaithe i bhFoscríbhinn B, lena n-áirítear liosta de na bunaíochtaí atá tar éis na forbairtí a chríochnú le linn na bliana sin.

(d) Féadfaidh an Coimisiún Foscríbhinn B dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt suas chun dáta roimh an aontachas agus go dtí an 31 Nollaig 2005, agus sa chomhthéacs sin féadfaidh sé bunaíochtaí leithleacha a chur léi go feadh méid theoranta nó a scriosadh, i bhfianaise an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le heasnaimh atá ann a cheartú agus i bhfianaise thoradh an phróisis faireacháin.

Glacfar rialacha mionsonraithe cur chun feidhme chun oibriú rianúil an chórais idirthréimhsigh thuas a áirithiú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002.

## II. REACHTAÍOCHT FITEASLÁINTÍOCHTA

32002 L 0053: Treoir 2002/53/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta (IO L 193, 20.7.2002, lch. 1);

32002 L 0055: Treoir 2002/55/CEE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33).

Féadfaidh an Laitvia a chur siar ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dháta an aontachais cur i bhfeidhm Threoracha 2002/53/CE agus 2002/55/CE maidir le margú síolta ar a críoch de chineálacha atá liostaithe ina cuid catalóg náisiúnta faoi seach de chineálacha de speicis phlandaí talmhaíochta agus cineálacha de speicis phlandaí glasraí nár glacadh go hoifigiúil leo i gcomhréir le forálacha na dTreoracha sin. Le linn na tréimhse sin ní dhéanfar síolta den sórt sin a mhargú ar chríoch Bhallstát eile.

5. IASCACH

31992 R 3760: Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92 ón gComhairle an 20 Nollaig 1992 ag bunú córas Comhphobail le haghaidh iascaigh agus dobharshaothraithe (IO L 389, 31.12.1992, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31998 R 1181: Rialachán (CE) Uimh. 1181/98 ón gComhairle an 4.6.1998 (IO L 164, 9.6.1998, lch. 1).

Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 3760/92 maidir leis an Laitvia faoi réir na bhforálacha sonracha seo a leanas.

Déanfar an scair d'áraigh iascaireachta an Chomhphobail atá le cionroinnt ar an Laitvia, i gcás stoc atá faoi rialú ag teorainn ghabhála, a bhunú de réir speicis agus creasa mar a leanas:

| Speiceas | Limistéar CITM nó CIIMB | Scaireanna na Laitvia (%) |
|---|---|---|
| Scadán | III b, c, d [(1)] amach ó "Aonad Bainistíochta 3" de CIIMB | 7,280 |
| Sprot | III b, c, d [(1)] | 13,835 |
| Bradán | III b, c, d [(1)] amach ó Fhoroinn 32 de CIIMB | 13,180 |
| Trosc | III b, c, d [(1)] | 7,126 |

(1) Uiscí an Chomhphobail.

Bainfear leas as na scaireanna sin don chéad chionroinnt árach iascaireachta ar an Laitvia i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Rialachán (CEE) Uimh. 3760/92.

Ina theannta sin, déanfar scair na Laitvia d’áraigh iascaireachta an Chomhphobail i Limistéar Rialúcháin NAFO a chinneadh tríd an gComhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, ar bhonn na cothromaíochta i bhfeidhm i NAFO le linn na tréimhse díreach roimh dháta an aontachais

6. BEARTAS IOMPAIR

1. 31985 R 3821: Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar (IO L 370, 31.12.1985, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 1360: Rialachán (CE) Uimh. 1360/2002 ón gCoimisiún an 11.6.1997 (IO L 207, 12.6.1997, lch. 1).

De mhaolú ar Airteagal 3(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85, ní bheidh feidhm sa Laitvia go dtí an 1 Eanáir 2005 ag an gceanglas trealamh taifeadta a shuiteáil agus a úsáid i bhfeithiclí arna gclárú d'iompar paisinéirí nó earraí de bhóthar maidir le feithiclí arna gclárú roimh an 1 Eanáir 2001 a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre. Déanfaidh tiománaithe d'fheithiclí den sórt sin a n-uaireanta tiomána agus a dtréimhsí sosa a thaifeadadh trí leas a bhaint as logleabhar pearsanta.

2. 31993 R 3118: Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 1993 ag leagan síos na gcoinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí neamhchónaitheacha seirbhísí náisiúnta iompair tharlaithe de bhóthar a oibriú laistigh de Bhallstát (IO L 279, 12.11.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 R 0484: Rialachán (CE) Uimh. 484/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 1.3.2002 (IO L 76, 19.3.2002, lch. 1).

(a) De mhaolú ar Airteagal 1 de Rialachán (CEE) Uimh. 3118/93 agus go dtí deireadh an dara bliain tar éis dháta an aontachais, eisiafar carraeirí arna mbunú sa Laitvia ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile agus eisiafar carraeirí arna mbunú sna Ballstáit eile ó sheirbhísí náisiúnta tarlaithe de bhóthar a oibriú sa Laitvia.

(b) Roimh dheireadh an dara bliain tar éis dháta an aontachais, tabharfaidh Ballstáit fógra don Choimisiún á rá an bhfadóidh siad an tréimhse seo ar feadh dhá bhliain ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.

(c) Roimh dheireadh an ceathrú bliain tar éis dháta an aontachais, i gcás suaitheadh tromchúiseach ar an margadh náisiúnta tarlaithe de bhóthar, nó bagairt dá leithéid, tabharfaidh Ballstáit nach bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán iontu de bhua mhír (b) thuas fógra don Choimisiún á rá an bhfadóidh siad an tréimhse seo ar feadh bliana ar a mhéid nó an gcuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm go hiomlán feasta. Cheal fógra den sórt sin, beidh feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán. Carraeirí arna mbunú sna Ballstáit sin ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán, is iad amháin a fhéadfaidh seirbhísí tarlaithe náisiúnta de bhóthar a oibriú sna Ballstáit eile sin ina bhfuil feidhm freisin ag Airteagal 1 den Rialachán.

(d) Fad nach bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán go hiomlán sna Ballstáit go léir, féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil feidhm ag Airteagal 1 den Rialachán de bhua mhír (b) nó (c) thuas dul ar iontaoibh an nós imeachta atá leagtha amach thíos.

Nuair atá suaitheadh ar mhargadh náisiúnta de chuid Ballstáit dá dtagraítear san fhomhír sin roimhe seo nó ar chodanna de de bharr cabatáiste nó arna ghéarú aige, ar nós farasbarr soláthair thar éileamh nó bagairt do chobhsaíocht airgeadais nó marthanas líon suntasach gnóthas tarlaithe de bhóthar, cuirfidh an Ballstát sin an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi agus déanfaidh sé na sonraí uile ábhartha a sholáthar dóibh. Ar bhonn na faisnéise sin, féadfaidh an Ballstát a sin iarraidh ar an gCoimisiún cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, d'fhonn an staid a athbhunú ina gnáthriocht.

Scrúdóidh an Coimisiún an staid ar bhonn na sonraí arna soláthar ag an mBallstát i dtrácht agus cinnfidh sé laistigh de mhí ón iarraidh a fháil an gá bearta coimirce a ghlacadh. Beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha síos sa dara fomhír, sa tríú fomhír agus sa cheathrú fomhír de mhír 3 agus i míreanna 4, 5 agus 6 d'Airteagal 7 den Rialachán.

I gcásanna práinneacha agus eisceachtúla, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear sa chéad fhomhír thuas cur i bhfeidhm Airteagal 1 den Rialachán a fhionraí, agus fógra réasúnaithe ex-post a thabhairt don Choimisiún ina dhiaidh sin.

(e) Fad nach gcuirtear Airteagal 1 den Rialachán i bhfeidhm de bhua mhíreanna (a) go (b) thuas, féadfaidh Ballstáit rochtain ar a seirbhísí náisúnta tarlaithe de bhóthar a rialú trí údaruithe cabatáiste a mhalartú go comhleanúnach ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha. Féadfaidh caoi an léirscaoilte iomláin a bheith san áireamh.

(f) Ní fhéadfaidh rochtain níos sriantaí ar sheirbhísí náisúnta tarlaithe de bhóthar ná mar atá ann ar dháta sínithe an Chonartha Aontachais leanúint ó éifeacht míreanna (a) go (d) a chur i bhfeidhm.

3. 31996 L 0026: Treoir 96/26/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le ligean isteach do ghairm an oibreora tharlaithe de bhóthar agus an oibreora iompair phaisinéirí de bhóthar agus le dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint go frithpháirteach chun feidhmiú na saoirse bunaíochta in oibríochtaí iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta a éascú do na hoibreoirí sin (IO L 124, 23.5.1970, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 31998 L 0076: Treoir 98/76/CEE ón gComhairle an 1.10.1998 (IO L 277, 14.10.1998, lch. 17),

Ní bheidh feidhm sa Laitvia go dtí an 31 Nollaig 2006 ag Airteagal 3(3)(c) de Threoir 92/26/CEE maidir le gnóthais iompair a ghabhann go heisiach d'oibríochtaí iompair intíre tarlaithe agus paisinéirí de bhóthar.

Sroichfidh an caipiteal atá ar fáil agus na cúlchistí de chuid na ngnóthas sin de réir a chéile na rátaí íosta atá leagtha síos san Airteagal sin i gcomhréir leis an amchlár seo a leanas:

– faoi cheann an 1 Eanáir 2004, ní foláir don ghnóthas caipiteal atá ar fáil agus cúlchistí EUR 3 0000 ar a laghad a bheith aige in aghaidh na feithicle arna húsáid nó EUR 150 in aghaidh an tona d'uasmheáchan údaraithe na bhfeithiclí arna n-úsáid ag an ngnóthas, nó EUR 150 in aghaidh an tsuíocháin de na feithiclí iompair phaisinéirí arna n-úsáid ag an ngnóthas, cibé acu is ísle,

– faoi cheann an 1 Eanáir 2005, ní foláir don ghnóthas caipiteal atá ar fáil agus cúlchistí EUR 6 750 ar a laghad a bheith aige nuair nach n-úsáidtear ach aon fheithicil amháin agus EUR 3 750 ar a laghad in aghaidh gach feithicle breise.

1. 31977 L 0388: Séú Treoir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - Comhchóras cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta (IO L 145, 13.6.1977, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 L 0038: Treoir 2002/38/CE ón gComhairle an 7.5.2002 (IO L 128, 15.5.2002, lch. 41).

(a) De mhaolú ar Airteagal 12(3)(a) de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Laitvia díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun go dtí an 31 Nollaig 2004 maidir le soláthar téimh arna dhíol le teaghlaigh.

(b) Gan dochar don nós imeachta atá leagtha amach in Airteagal 27 de Threoir 77/388/CEE, féadfaidh an Laitvia leanúint de nós imeachta simplithe a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta adhmaid go ceann bliana tar éis dháta an aontachais.

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Laitvia díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun maidir le seirbhísí arna soláthar ag údair, ealaíontóirí agus oirfidigh dá dtagraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn F den Treoir go dtí go gocmhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha na díolúintí céanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

D'fhonn Airteagal 28(3)(b) de Threoir 77/388/CEE a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Laitvia díolúine ó cháin bhreisluacha a choimeád ar bun freisin maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí dá dtagraítear i bpointe 17 d'Iarscríbhinn F den Treoir go dtí go gcomhalltar an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 28(4) den Treoir nó fad a chuireann aon cheann de na Ballstáit láithreacha na díolúintí céanna i bhfeidhm, cibé acu is túisce.

2. 31992 L 0079: Treoir 92/79/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le cánacha ar thoitíní a chomhfhogasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 8), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32002 L 0010: Treoir 2002/10/CE ón gComhairle an 12.2.2002 (IO L 46, 16.2.2002, lch. 26).

De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Threoir 92/79/ CEE, féadfaidh an Laitvia cur i bhfeidhm dleachta máil foriomláine íosta ar an bpraghas miondíola (lena n-áirítear gach cáin) do thoitíní san aicme phraghais is mó éileamh a chur siar go dtí an 31 Nollaig 2009, ar chuntar go ndéanann an Laitvia a rátaí dleachta máil a choigeartú de réir a chéile i rith na tréimhse sin ionsar an dleacht mháil fhoriomlán íosta dá bhforáiltear sa Treoir.

Gan dochar d'Airteagal 8 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle maidir leis na socruithe ginearálta do tháirgí atá faoi réir dleachta máil agus ar tháirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu [1], agus tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas, féadfaidh Ballstáit, fad atá feidhm ag an díolúine thuas, na teorainneacha cainníochtúla céanna a choimeád ar bun do thoitíní a fhéadtar a bhreith isteach ina gcríocha ón Laitvia gan breis dleachta máil a íoc is a chuirtear i bhfeidhm ar allmhairí ó thríú tíortha. Féadfaidh Ballstáit a bhaineann leas as an gcaoi seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar chuntar nach ndéanann na seiceálacha sin difear d'oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

8. BEARTAS SÓISIALTA AGUS FOSTAÍOCHT

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

1. 31989 L 0654: Treoir 89/654/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte don láthair oibre (céad Threoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch 1).

Ní bheidh feidhm sa Laitvia ag Treoir 89/654/CEE go dtí an 31 Nollaig 2004 i leith fearas atá in úsáid cheana ar an 27 Márta 2002.

---

[1] IO L 76, 23.3.1992, lch. 1. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 96/350/CE (IO L 193, 29.7.2000, lch. 32).

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí deireadh na tréimhse thuasluaite, leanfaidh an Laitvia d'fhaisnéis arna tabhairt suas chun dáta go tráthrialta a sholáthar don Choimisiún maidir leis an amchlár agus na bearta arna nglacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir.

2. 31989 L 0655: Treoir 89/655/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ar an láthair oibre (dara Treoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch 13), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 L 0045: Treoir 2001/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27.6.2001 (IO L 195, 19.7.2001, lch. 46).

Ní bheidh feidhm sa Laitvia ag Treoir 89/655/CEE go dtí an 31 Nollaig 2004 i leith fearas atá in úsáid cheana ar an 13 Nollaig 2002.

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí deireadh na tréimhse thuasluaite, leanfaidh an Laitvia d'fhaisnéis arna tabhairt suas chun dáta go tráthrialta a sholáthar don Choimisiún maidir leis an amchlár agus na bearta arna nglacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir.

3.   31990 L 0270: Treoir 90/270/CEE ón gComhairle an 29 Bealtaine1990 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'obair le trealamh scáileán taisealbhtha (cúigiú Treoir leithleach de réir bhrí Airteagal 16(14) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 156, 21.6.1990, lch 14).

Ní bheidh feidhm sa Laitvia ag Treoir 90/270/CEE go dtí an 31 Nollaig 2004 i leith fearas atá in úsáid cheana ar an 1 Bealtaine 2001.

Amhail ó dháta an aontachais agus go dtí deireadh na tréimhse thuasluaite, leanfaidh an Laitvia d'fhaisnéis arna tabhairt suas chun dáta go tráthrialta a sholáthar don Choimisiún maidir leis an amchlár agus na bearta arna nglacadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir.

9.   FUINNEAMH

31968 L 0414:Treoir 68/414/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1968 ag forchur oibleagáid ar Bhallstáit CEE stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriliam a choinneáil (IO L 308, 23.12.1968, lch. 14), mar atá arna leasú go deireanach le:

–   31998 L 0093: Treoir 98/93/CE ón gComhairle an 14.12.98 (IO L 358, 31.12.1998, lch. 100).

De mhaolú ar Airteagal 1(1) de Threoir 68/414/CE, ní bheidh feidhm sa Laitvia ag an íosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam go dtí 31 Nollaig 2009. Áiritheoidh an Laitvia go gcomhfhreagraíonn a íosleibhéal stoc de tháirgí peitriliam, i gcás gach ceann de na haicmí táirgí peitriliam atá liostaithe in Airteagal 2, ar a laghad do mheántomhailt inmheánach laethúil an mhéid laethanta seo a leanas, mar atá sainithe in Airteagal 1(1):

– 40 lá den aicme táirgí "olaí breosla" agus 23 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann dháta an aontachais;

– 50 lá den aicme táirgí "olaí breosla" agus 30 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann an 31 Nollaig 2004;

– 55 lá den aicme táirgí "olaí breosla" agus 35.5 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann an 31 Nollaig 2005;

– 60 lá den aicme táirgí "olaí breosla" agus 41 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann an 31 Nollaig 2006;

– 70 lá den aicme táirgí "olaí breosla" agus 49 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann an 31 Nollaig 2007;

– 80 lá den aicme táirgí "olaí breosla" agus 67 lá de na haicmí táirgí eile faoi cheann an 31 Nollaig 2008;

– 90 lá de gach aicme táirgí faoi cheann an 31 Nollaig 2009.

10. COMHSHAOL

A. CÁILÍOCHT AN AEIR

31994 L 0063: Treoir 94/63/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le rialú astaíochtaí de chomhdhúile soghalaithe orgánacha (CSO) a thig ó stóráil peitril agus óna dáileadh ó theirminéil go stáisiúin seirbhíse (IO L 365, 31.12.1994, lch. 24).

1. De mhaolú ar Airteagal 3 agus Iarscríbhinn I de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Laitvia ag na ceanglais do fhearais stórála atá ann ag teirminéil:

– go dtí an 31 Nollaig 2005 maidir le 17 fearas stórála a bhfuil acu tríchur arna luchtú is mó ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana;
– go dtí an 31 Nollaig 2006 maidir le 3 fearas stórála breise a bhfuil acu tríchur arna luchtú is lú ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana;
– go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 19 fearas stórála breise a bhfuil acu tríchur arna luchtú is lú ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana.

2. De mhaolú ar Airteagal 4 agus Iarscríbhinn II de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Laitvia ag na ceanglais do threalamh luchtaithe agus díluchtaithe ag teirminéil:

– go dtí an 31 Nollaig 2005 maidir le 1 teirminéal a bhfuil aige tríchur is lú ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana;
– go dtí an 31 Nollaig 2006 maidir le 17 teirminéal a bhfuil aige tríchur is lú ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana;
– go dtí an 31 Nollaig 2007 maidir le 1 teirminéal a bhfuil aige tríchur is lú ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana;
– go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 20 teirminéal a bhfuil aige tríchur is lú ná 25 000 tonna in aghaidh na bliana.

3. De mhaolú ar Airteagal 5 de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2008 sa Laitvia ag na ceanglais do choimeádáin shoghluaiste atá ann ag teirminéil maidir le 68 tancaer bóthair.

4. De mhaolú ar Airteagal 6 agus Iarscríbhinn III de Threoir 94/63/CE, ní bheidh feidhm sa Laitvia ag na ceanglais do luchtú i bhfearais stórála atá ann ag stáisiúin seirbhíse:

– go dtí an 31 Nollaig 2 000 maidir le 56 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur is mó ná 1 000 $m^3$ ach nach mó ná 2000 $m^3$ in aghaidh na bliana;

– go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le 112 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur is mó ná 500 $m^3$ ach nach mó ná 1 000 $m^3$ in aghaidh na bliana agus maidir le 290 stáisiún seirbhíse a bhfuil acu tríchur is lú ná 500 $m^3$ in aghaidh na bliana.

B. BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

1. 31993 R 0259: Rialachán (CEE) Uimh. 259/93 ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le loingsiú dramhaíola a mhaoirsiú agus a rialú laistigh den Chomhphobal Eorpach agus isteach ann agus amach as (IO L 30, 6.2.1993, lch. 1), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 32001 R 2557: Rialachán (CE) Uimh. 2557/2001 ón gCoimisiún an 28.12.2001 (IO L 349, 31.12.2001, lch. 1).

(a) Go dtí an 31 Nollaig 2010, cuirfear in iúl do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola chuig an Laitvia lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CEE) 259/93 agus loingsithe dramhaíola nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin agus próiseálfar iad ar cothrom le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán.

(b) De mhaolú ar Airteagal 7(4) de Rialachán (CEE) 259/93, déanfaidh na húdaráis inniúla agóid i gcoinne loingsithe dramhaíola lena hathghabháil atá liostaithe in Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann leis an Rialachán agus i gcoinne loingisthe dramhaíola lena hathghabháil nach bhfuil liostaithe sna hIarscríbhinní sin arb é a gceann scríbe áis a thairbhíonn de mhaolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 96/61/CE maidir le cosc agus rialú iomlánaithe ar an truailliú [1] le linn na tréimhse ina gcuirtear an maolú sealadach i bhfeidhm maidir leis an áis chinn scríbe.

2. 31994 L 0062: Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl pacáistithe (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

De mhaolú ar Airteagal 6 (1) (a) agus (b) de Threoir 94/62/CE, bainfidh an Laitvia amach na spriocanna aisghabhála agus athchúrsála do na hábhair pacáistithe seo a leanas faoi cheann an 31 Nollaig 2007 i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– plaistigh a athchúrsáil: 11% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 12% faoi cheann 2004, 13% faoi cheann 2005 agus 14% faoi cheann 2006;

1 IO L 257, 10.10.1996, lch. 26.

– ráta iomlán athghabhála: 33% de réir meáchain faoi cheann dháta an aontachais, 37% faoi cheann 2004, 42% faoi cheann 2005 agus 46% faoi cheann 2006.

3. 31999 L 0031: Treoir 1999/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).

De mhaolú ar an dara fleasc d'Airteagal 2(g) de Threoir 1999/31/CE, agus gan dochar do Threoir 75/442/CEE [1] maidir le dramhaíl, agus do Threoir 91/689/CEE [2] maidir le dramhaíl chontúirteach, ní mheasfar go dtí an 31 Nollaig 2004 sa Laitvia gur líonadh talún láithreán líonta talún a úsáidtear do stóráil shealadach dramhaíola contúirtí arna giniúint laistigh den Laitvia.

C. CÁILÍOCHT AN UISCE

1. 31991 L 0271: Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40), mar atá arna leasú le:

– 31998 L 0015: Treoir 98/15/CE ón gCoimisiún an 27.2.1998 (IO L 67, 7.3.1998, lch. 29).

[1] IO L 194, 25.7.1975, lch. 39. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh 96/350/CE ón gCoimisiún (IO L 135, 6.6.1996, lch. 32).

[2] IO L 377, 31.12.1991, lch. 20. Treoir mar atá arna leasú go deireanach le Treoir 94/31/CE ón gComhairle (IO L 168, 2.7.1994, lch. 28).

De mhaolú ar Airteagail 3, 4 agus 5(2) de Theoir 91/271/CE, ní bheidh feidhm iomlán go dtí an 31 Nollaig 2015 sa Laitvia ag na ceanglais do chórais bhailithe agus cóireáil fuíolluisce uirbigh i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– faoi cheann an 31 Nollaig 2008, beidh an Treoir comhlíonta do cheirtleáin ar mó coibhéis a ndaonra ná 100 000;

– faoi cheann an 31 Nollaig 2011, beidh an Treoir comhlíonta do cheirtleáin a bhfuil coibhéis a ndaonra idir 10 000 agus 100 000.

2. 31998 L 0083: Treoir 98/83/CE ón gComhairle an 3 Samhain 1998 maidir le cáilíocht uisce atá ceaptha le hól ag daoine (IO L 330, 5.12.1998, lch. 32).

De mhaolú ar Airteagail 5(2) agus 8 agus ar Iarscríbhinn I, Cuid B agus Cuid C, de Theoir 98/83/CE, ní bheidh feidhm go dtí an 31 Nollaig 2015 sa Laitvia ag na luachanna do bhromáit, tríhalaimeatáin –iomlán, alúmanam, iarann agus mangainéis agus paraiméadair inocsaíditheachta i gcomhréir leis na spriocanna idirmheánacha seo a leanas:

– go dtí an 31 Nollaig 2008 maidir le bardasachtaí ina bhfuil breis is 100 000 duine;

– go dtí an 31 Nollaig 2011 maidir le bardasachtaí ina bhfuil idir 10 000 agus 100 000 duine.

D. AN TRUAILLIÚ TIONSCLAÍOCH A RIALÚ AGUS BAINISTÍOCHT BHAOIL

1. 31987 L 0217: Treoir 87/217/CEE ón gComhairle an 19 Márta 1987 maidir le truailliú na timpeallachta ó aispeist a chosc agus a laghdú (IO L 85, 28.3.1987, lch. 40), mar atá arna leasú go deireanach le:

– 11994 N: An Ionstraim i dtaobh coinníollacha aontachais agus oiriúnuithe na gConarthaí – Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne (IO C 241, 29.8.1994, lch. 21).

De mhaolú ar an dara fleasc d'Airteagal 8 de Threoir 87/217/CE, ní bheidh feidhm sa Laitvia go dtí an 31 Nollaig 2004 ag na ceanglais don dramhaíl ina bhfuil snáithíní nó deannach aispeiste arna cur i líonadh talún. Déanfar dramhaíl ina bhfuil snáithíní nó deannach aispeiste a phacáil i málaí dúbailte plaistigh agus a adhlacadh go leithleasach ag láithreáin adhlactha marcáilte.

2. 31996 L 0061: Treoir 96/61/CE ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1996 maidir le cosc agus rialú iomlánaithe ar an truailliú (IO L 257, 10.10.1996, lch. 26)

De mhaolú ar Airteagal 5(1) de Threoir 96/67/CE, ní bheidh feidhm sa Laitvia ag na ceanglais do dheonú ceadanna do fhearais atá ann maidir leis na fearais seo a leanas go dtí an dáta atá sonraithe do gach fearas, a mhéad a bhaineann leis an oibleagáid na fearais sin a oibriú i gcomhréir le luachanna teorantacha astaíochta, paraiméadair choibhéiseacha nó bearta teicniúla arna mbunú ar na teicnící is fearr atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 9(3) agus (4):

– ME "Jūrmalas ST", SC "Kauguri", 31 Nollaig 2010;
– Ventspils ME "Siltums", 31 Nollaig 2010;
– Ventspils Ltd. " Pārventas ", 31 Nollaig 2010;
– JSC "Latvenergo", Rīgas TEC- 2, 31 Nollaig 2010;
– Liepāja SEZ JSC "Liepājas Metalurgs", 31 Nollaig 2008;
– JSC "Daugavpils pievadķēžu rūpnīca", 31 Nollaig 2010;
– JSC "Lokomotīve", 31 Nollaig 2009;
– JSC "Valmieras stikla šķiedra", 31 Nollaig 2010;
– JSC "Medpro Inc.", 31 Nollaig 2010;
– JSC "Jelgavas cukurfabrika", 31 Nollaig 2008;
– JSC "Putnu fabrika Ķekava", 31 Nollaig 2009:
– Ltd "Druvas Unguri", 31 Nollaig 2010;
– Ltd "Korkalns", 31 Nollaig 2010;
– Ltd "Griģis un Ko", 31 Nollaig 2010;
– Ltd "Nīckrasti", 31 Nollaig 2010.

Eiseofar ceadanna lánchomhordaithe chuig na fearais seo roimh an 30 Deireadh Fómhair 2007, ina mbeidh amchláir atá ceangailteach go leithleach le haghaidh lánchomhlíonadh a ghnóthú. Áiritheoidh na ceadanna sin go gcomhlíonfar faoi cheann an 30 Deireadh Fómhair 2007 na prionsabail ghinearálta a rialaíonn oibleagáidí bunúsacha na n-oibreoirí mar atá leagtha síos in Airteagal 3 den Treoir.

## E. SÁBHÁILTEACHT NÚICLÉACH AGUS COSAINT Ó RADAÍOCHT

31997 L 0043: Treoir 97/43/CEFA an 30 Meitheamh 1997 maidir le cosaint sláinte daoine aonair in aghaidh chontúirtí na radaíochta ianúcháin i ndáil le taispeánadh míochaine, agus ag aisghairm Threoir 84/466/CEFA (IO L 180, 9.7.1997, lch. 22).

De mhaolú ar Airteagail 8 agus 9(1) de Threoir 97/43/CEFA, ní bheidh feidhm sa Laitvia go dtí an 31 Nollaig 2005 ag na forálacha maidir le trealamh raideolaíochta agus cleachtais speisialta. Ní chuirfear trealamh den sórt sin ar an margadh de chuid Ballstát eile.